**PREASEISIÚINT Uimh. 169/22**
**Lucsamburg, an 18 Deireadh Fómhair 2022**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-677/20 | IG Metall agus ver.di

# Níor cheart go laghdófaí rannpháirtíocht na gceardchumann i gcomhdhéanamh na comhairle maoirseachta le tiontú cuideachta sa dlí náisiúnta ina cuideachta Eorpach (SE)

*Nuair a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta, ar an gcuideachta atá le tiontú, ballóid ar leithligh chun ionadaithe na bhfostaithe arna gcur ar aghaidh ag na ceardchumainn a thoghadh, ní mór socrú tofa den sórt sin a chaomhnú*

Déanann dhá cheardchumann Ghearmánacha, IG Metall agus ver.di agóid, os comhair cúirteanna na Gearmáine, i gcoinne na socruithe ainmniúcháin d'ionadaithe na bhfostaithe ar chomhairle maoirseachta na cuideachta Eorpaí SAP, comhairle atá comhdhéanta de líon comhionann comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar na scairshealbhóirí agus ar na fostaithe.

D'aontaigh SAP agus an grúpa speisialta caibidlíochta[1] a bunaíodh laistigh dó, i gcomhthéacs tiontú SAP, a bhí, suas go dtí an pointe sin, ina cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta faoin dlí Gearmánach, ina cuideachta Eorpach (SE), ar na socruithe atá faoi chonspóid. Foráiltear leis na socruithe sin, i gcás go laghdaítear líon na gcomhaltaí ar chomhairle maoirseachta SAP SE ó 18 go 12, go bhféadfaidh leis na ceardchumainn daoine a chur ar aghaidh go fóill do riar de na sé shuíochán a thugtar d'ionadaithe na bhfostaithe, ach nach dtoghfar na daoine sin ar bhonn ballóide ar leithligh ón mballóid a cuireadh ar bun le haghaidh thoghadh na gcomhaltaí eile a dhéanann ionadaíocht ar na fostaithe a thuilleadh. Mar sin, ní ráthaítear láithreacht éifeachtach ionadaí ar na ceardchumainn i measc ionadaithe na bhfostaithe ar an gcomhairle maoirseachta sin a thuilleadh.

Agus an cás os a comhair, mheas Cúirt Oibreachais na Cónaidhme, an Ghearmáin, ar bhonn an dlí Ghearmánaigh amháin, gur cheart glacadh le hiarratas an dá cheardchumann agus na socruithe atá faoi chonspóid a chur ar neamhní. De réir dlí na Gearmáine, agus SE á chruthú trí thiontú, ní mór na heilimintí de nós imeachta i leith rannpháirtíocht na bhfostaithe, lena dtréithrítear tionchar na bhfostaithe ar ghlacadh cinntí i gcuideachta, a chaomhnú ar scála coibhéiseach.

Is é is aidhm do chur i bhfeidhm ballóide ar leithligh le haghaidh thoghadh na ndaoine arna gcur ar aghaidh ag na ceardchumainn ná tionchar ionadaithe na bhfostaithe a neartú maidir le glacadh cinntí i ngnólacht, trína áirithiú, i measc na n-ionadaithe sin, gurb ann do dhaoine go bhfuil an-chur amach acu ar choinníollacha agus riachtanais an ghnólachta chomh maith le saineolas seachtrach.

Toisc go raibh amhras ar Chúirt Oibreachais na Cónaidhme maidir le cibé nach bhforáiltear nó an bhforáiltear, le Treoir 2001/86 lena bhforlíontar an Reacht um Chuideachta Eorpach i ndáil le rannpháirtíocht fostaithe, do leibhéal cosanta aonfhoirmí difriúil agus níos ísle ná an leibhéal dá bhforáiltear i ndlí na Gearmáine agus atá feidhm aige,

[1] Déanann an grúpa sin ionadaíocht ar fhostaithe na gcuideachtaí is rannpháirtithe nó na bhfochuideachtaí nó na n-eagraíochtaí lena mbaineann.

más iomchuí, i leith na mBallstát go léir, chinn sí ceist a tharchur go dtí an Chúirt Bhreithiúnais maidir le léirmhíniú na Treorach sin.

De réir théarmaí na Treorach sin, i gcás SE arna chruthú trí thiontú, ní mór don chomhaontú i leith na socruithe rannpháirtíochta maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe atá infheidhme i leith an SE sin, foráil a dhéanamh, i leith na n-eilimintí go léir maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe, do leibhéal atá ar a laghad coibhéiseach leis an leibhéal atá ann sa chuideachta atá le tiontú ina SE (prionsabal "roimhe-i ndiaidh").

Lena breithiúnas, a fhógraítear inniu, aithníonn an Chúirt Bhreithiúnais **nach mór don chomhaontú i leith na socruithe maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe atá infheidhme i leith SE arna bhunú trí thiontú foráil a dhéanamh do bhallóid ar leithligh chun riar áirithe de na daoine arna gcur ar aghaidh ag na ceardchumainn a thoghadh, mar ionadaithe ar na fostaithe ar chomhairle maoirseachta SE, nuair a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta is infheidhme ballóid ar leithligh den sórt sin maidir le comhdhéanamh comhairle maoirseachta na cuideachta atá le tiontú ina SE**.

Dá bhrí sin, sa chás seo, is i bhfianaise an dlí Ghearmánaigh mar atá feidhm aige i leith SAP roimh dó a bheith tiontaithe ina SE, go háirithe an dlí Gearmánach maidir le comhbhainistíocht na bhfostaithe, gur cheart a mheas an ráthaítear, leis an gcomhaontú rannpháirtíochta, leibhéal atá ar a laghad coibhéiseach de rannpháirtíocht na bhfostaithe i nglacadh cinntí sa chuideachta sin tar éis dó a bheith tiontaithe ina SE.

Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais chun suntais gur **mheas reachtóir an Aontais** de bharr na héagsúlachta móire idir na rialacha agus na cleachtais atá ann sna Ballstáit maidir leis an mbealach ina mbíonn ionadaithe na bhfostaithe páirteach i bpróiseas cinnteoireachta na gcuideachtaí, go mbeadh sé **mí-oiriúnach samhail Eorpach amháin is infheidhme i leith SE a chur i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe**.

Mar sin, **bheartaigh reachtóir an Aontais fáil réidh leis an riosca go n-eascródh, as bunú SE**, go háirithe trí thiontú, **lagú** nó fiú dul i léig, **cearta rannpháirtíochta atá na fostaithe sa chuideachta atá le tiontú ina SE i dteideal** de bhun na reachtaíochta agus/nó an chleachtais náisiúnta.

Sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, **thairis sin, nach féidir an ceart chun riar áirithe de na daoine a mholadh atá ag seasamh do thoghchán mar ionadaithe na bhfostaithe ar chomhairle maoirseachta de SE arna chruthú trí thiontú**, amhail SAP, **a chur ar fáil do cheardchumainn Ghearmánacha amháin, agus nach mór é a leathnú ionas go gcumhdófar leis na ceardchumainn go léir a ndéantar ionadaíocht orthu sa SE, a fhochuideachtaí agus a eagraíochtaí, ar bhealach chun a áirithiú comhionannas na gceardchumann** sin i leith an chirt sin.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355

Tá fáil ar íomhánna fógartha an bhreithiúnais ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

Fanaigí i dteagmháil!